Na Cnocadóirí
Nuacht an tSamhraidh 2011

San eagrán seo:

Fógraí agus nótaí 1
Féilire an tsamhraidh/an fhómhair ... 2
Trí lá i *La Gomera* 3

Beannachtaí an tsamhraidh

Tá an samhradh linn, agus neart ócáidí agus imeachtaí pleanáilte againn daoibh. Sa nuachtlitir seo léifidh sibh faoi na siúlóidí um thráthnóna, an turas go Conamara, beárbaiciú na bliana, agus siúlóid speisialta do theaghlaigh atá beartaithe againn do Mheán Fómhair.

Ach is fiú tagairt do chúpla ócáid atá thart freisin. Bhí lá iontach againn le Meitheal na Sléibhe le déanaí agus ba chúis bróid dúinn bheith in ann cabhrú leis an dea-obair a dhéanann siad. Agus bhí deis ag daoine scileanna léamh léarscáile agus treodóireachta a fhoghlaim ag cúrsa bunscileanna cnocadóireachta. Míle buíochas le Eileen agus le Seán a d'eagraigh na deiseanna seo dúinn.

Le gach dea-ghuí ó choiste an chlub

Ballraíocht

Tá ballraíocht sna Cnocadóirí dúnta don bhliain reatha anois. Beidh deis ag daoine clárú arís ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin mballraíocht cuir ríomhphost chuig cnocadoiri@yahoo.com.

Beárbaiciú na Bliana

Beidh an beárbaiciú ar siúl ar an **Satharn, 23 Iúil**, i dtigh Sheáin agus Gwyn, Glas Naíon. Fáilte roimh chách.

Scaipfear tuilleadh sonraí nós cóngaraí don am.

Siúlóidí um thráthnóna

Le tairbhe a bhaint as na tráthnónta fada, tá sraith siúlóidí um thráthnóna á eagrú againn ar an Déardaoin i rith an tsamhraidh. Bhí an chéad cheann ar Bhinn Éadair ar an 16 Meitheamh. Beidh siúlóidí eile ar an:

23 Meitheamh: An Balla Theas
7 Iúil: Domhnach Bat go Mullach Íde
21 Iúil: An Chanáil Ríoga

Ach beidh fáilte roimh mholtaí i gcomhair siúlóidí eile. Más féidir leatsa ceann a threorú Déardaoin sa samhradh téigh i dteagmháil le Seán Ó Fearghail, le do thoil.

Beimid ag siúl go Teach Solais an Phoill Bhig ar an Déardaoin, 23 Meitheamh. Más mian leat teacht linn cuir teachtaireacht chuig Marie ag 086 1023 276

Siúlóid do theaghlaigh i gcomhar le Comhluadar

Ar an **11 Meán Fómhair** cuirfimid fáilte faoi leith roimh dhaoine a bhfuil páistí óga acu teacht amach agus lá spraoi a chaitheamh linn Beidh siúlóid an-éasca againn an lá sin – ar chosán a bheadh oiriúnach do rothair nó do bhugaithe – agus picnic ina dhiaidh.

Níl an ceantar roghnaithe go fóill, ach má tá leanbh – nó garpháiste fiú – agat cuir an dáta sa dialann agus bí cinnte go mbeidh tú i láthair chun aithne a chur ar an gcéad ghlúin eile de na Cnocadóirí!!

Turas go Conamara
30 Meitheamh - 3 Iúil 2011

Beidh na Cnocadóirí páirteach sa Tionól Gaeltachta atá á reáchtáil ag Conradh na Gaeilge sa Cheathrú Rua. I measc imeachtaí an deiridh seachtaine beidh dhá shiúlóid sléibhe, turas báid go hInis Mór, turas an cheantair, seisiúin cheoil agus siamsaíochta, seimineár, drama, agus neart eile.
Tá lacáiste ann dóibh siúd a bhfuil cárta ballraíochta Cnocadóirí acu, ach tá líon teoranta spásanna ar fáil, mar sin téigh i dteagmháil le Mairéad Seoighe láithreach chun áit a chur in áirithint.
mairead@cnag.ie nó 01 4757401

Féilire an tsamhraidh agus an fhómhair

19 Meitheamh	Dé Domhnaigh	Gnáthshiúlóid
23 Meitheamh	Tráthnóna Déardaoin	Siúlóid éasca: An Balla Theas
30 Meitheamh - 3 Iúil	Deireadh seachtaine	Turas go dtí an Cheathrú Rua i gConamara
3 Iúil	Dé Domhnaigh	Gnáthshiúlóid: Gleann Dá Loch
7 Iúil	Tráthnóna Déardaoin	Siúlóid éasca: Domhnach Bat go Mullach Íde
17 Iúil	Dé Domhnaigh	Siúlóid cois Bóinne, Co na Mí
21 Iúil	Tráthnóna Déardaoin	Siúlóid éasca: An Chanáil Ríoga
23 Iúil	Dé Sathairn	Beárbaiciú na bliana
31 Iúil	Dé Domhnaigh	Gnáthshiúlóid
5 – 14 Lúnasa	Turas seachtaine	Interlaken san Eilbhéis
14 Lúnasa	Dé Domhnaigh	Gnáthshiúlóid
28 Lúnasa	Dé Domhnaigh	Gnáthshiúlóid
11 Meán Fómhair	Dé Domhnaigh	Siúlóid do theaghlaigh, i gcomhar le Comhluadar
25 Meán Fómhair	Dé Domhnaigh	Gnáthshiúlóid

Eagrófar tuilleadh siúlóidí ar an Déardaoin le linn an tsamhraidh. Scaipfear na sonraí ar an ríomhphost.

Trí lá i *La Gomera*

Focail: Liam Ó Dónaill
Grianghraif: Seán Ó Fearghail

Cúpla bliain ó shin, ar saoire dúinn i d*Tenerife*, chaith Nóra agus mé féin lá ag fánaíocht i bhforais báistí (laurisilva) *La Gomera*. Thaitin an tsiúlóid chomh mór linn gur bheartaíomar ar fhilleadh ar an gceantar Mí na Samhna, agus siúlóid lár-seachtaine a dhéanamh ann.

Is oileán coircalach í *La Gomera*, atá timpeall uair an chloig ar bhád farantóirechta siar ó *Los Cristianos* in iardheisceart *Tenerife*. Ní oileán rómhór í: thart ar 25km an trastomhas. Tá neart sléibhte i lár na tíre (airde 1487m) agus é ina Pháirc Náisiúnta de *Garajonay*, Suíomh Oidhreachta Domhanda ó 1986. Tá gleannta móra doimhne ag síneadh amach ón lár agus go minic bíonn baile mór lonnaithe ar an gcósta ag béal an ghleanna.

Ilchineáil cóir thaistil

Saoire Luan go hAoine a bhí againn, agus tar éis dúinn eitilt go moch ar maidin go *Tenerife* agus tacsaí a thógáil go *Los Cristianos*, bhí cúpla uair an chloig againn ar an trá – díreach neart ama le dul ag snámh – sular rug an bád farantóireachta sinn go dtí an t-oileán. Chuamar i dtír i *San Sebastian de La Gomera*, príomhbhaile an oileáin, a raibh iniúchadh déanta againn air sa turas deireanach, agus shocraigh muid tacsaí a ghlacadh go *Agulo*, túsphointe ár dtrí lá siúlóide (*Agulo – Vallehomosa – Chipude – Valle Gran Rey*). Baile gar don fharraige is ea *Agulo*, agus sléibhte arda mórthimpeall uirthi.



Téimis chun siúil

Bhí árasáin/lóistíní don cheithre oíche curtha in áirithint againn roimh ré ar an idirlíon, agus ar an nguthán freisin, rud a thug deis dúinn ár gcuid Spáinnise a chleachtadh! Thart ar 15km, agus cúig uair an chloig, a bhí romhainn gach lá. Bhíomar ag

breith linn ár mbagáiste go léir, lón san áireamh, i málaí droma 30l. Bhí dreapadh thart ar 700m ar an gcéad agus ar an dara lá, ach bhí an t-ádh orainn go raibh scáth ón ngrian le fáil sna foraoiseacha agus ó na sléibhte féin uaireanta, agus muid ag dul in airde. Ar an gcéad lá siúlóide chaitheamar tamall san *Centro de Visitantes* ina raibh gairdín lusanna, taispeántas lámhcheirde agus scannán eolais faoin bPáirc Náisiúnta.

Vallehermoso

Bhí na radharcanna thar barr; is oileán cuibheasach glas í *La Gomera* agus bhí an fharraige le feiscint go minic. Chomh maith le crainn pailme bhí go leor torthaí agus glasraí ag fás ar léibhinn saothraithe (terraces), bananaí fiú. Bhí na cosáin cúng go minic, ach tá na comharthaí measartha maith orthu. De ghnáth, b'fhurasta dúinn an bealach ceart a aimsiú, ach bhí fadhbanna againn ó am go chéile. Bíodh is go rinneamar go leor taighde ar an idirlíon agus trí labhairt le cairde a shiúl san oileán roimh ré, bhraith muid go mór ar an leabhar *La Gomera* ón tsraith *Sunflower Landscapes.* Bhí na léarscáileanna agus na treoracha siúlóide sa leabhar sin cuibheasach maith. Tá go leor grianghraf ar fáil ar an idirlíon ina bhfuil an dúiche fánaíochta le feiceáil, ach '*maison La Gomera*' a chur isteach i Google.

Coinnímis an misneach agus éireoidh linn

An tríú lá bhí orainn teacht anuas thart faoi míle méadar go *Valle Gran Rey*, deireadh ár siúlóide. Bhí scéala cloiste againn go raibh an cosán síos contúirteach. Bhuaileamar le bean ón nGearmáin a bhí tar éis dreapadh aníos an chosáin chéanna, agus chuir sí scanradh an domhain orainn. Sa deireadh, bheartaíomar dul sa seans mar nach raibh cuma thaitneamhach ar an rogha eile ar chor ar bith – siúlóid uair an chloig nó dhó ar ais, agus bus a fháil. Agus rinne muid an cinneadh ceart.

Níor chuir an cosán isteach orainn go rómhór, bíodh is go raibh méadar nó dhó de tite le fána.

Ar shroicheadh *Valle Gran Rey* dúinn bhí an ghaoth éirithe níos láidre agus dúradh linn go gcuirfeadh sé isteach ar an mbád beag ón mbaile sin go *Los Cristianos*, bád a raibh sé ar intinn againn a thógáil ar 6:30 am an mhaidin dar gcionn. Dúirt lucht na hoifige fáilte linn go raibh rabhadh cód buí i réim, agus gach seans nach seolfadh an bád. Fadhb mhór a bheadh ann dúinne mar go raibh muid ag brath ar an mbád sin le bheith in am don eitilt ar ais go Baile Átha Cliath ar a 11 a chlog. Ach sa deireadh thiar fuaireamar an t-eolas go gcuirfí bus speisialta ar fáil 40 nóiméad roimh ré chun muid a thabhairt go *San Sebastian* agus bád mór a thógáil, dá gcuirfí an bád beag ar ceal. Ach ina dhiaidh sin uile – níor cuireadh ar ceal é, agus chaitheamar an tráthnóna cois farraige ar thrá dhubh *Tenerife*, ag snámh agus ag baint sult as an ngrian.

San Sebastian

Sa bhaile i mBaile Átha Cliath bhí an sneachta ag teacht, ach níor chuir sin as dúinn siúlóid Dhomhnaigh ar Ghiolspar a dhéanamh, agus tháinig an ghrian amach le taitneamh orainn arís.

Cnocadóirí go smior!!